C/2025/4244

31.7.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12090 — AEA / BCI / PAVE AMERICA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/4244)

1. An 22 Iúil 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AEA Investors LP ('AEA', na Stáit Aontaithe),

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Pave America Holding, LLC ('Pave America', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh AEA agus BCI comhrialú ar Pave America ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de ghrúpa infheistíochta cothromais phríobháidigh é AEA, agus is é an phríomhghníomhaíocht ghnó atá aige deiseanna le haghaidh cistí príobháideacha a shainaithint, idirbhearta infheistíochta a struchtúrú trí mheáin infheistíochta, trí chomhpháirtithe ginearálta a chistí, agus infheistíochtaí den sórt sin a bhainistiú agus a dhiúscairt chun torthaí a chruthú d'infheisteoirí ina chistí príobháideacha,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia, Ceanada é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann a chliant ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is conraitheoir pábhála asfailt agus pábhála coincréite de chuid na Stát Aontaithe é Pave, atá gníomhach go heisiach sna Stáit Aontaithe. Cuireann sé réitigh chothabhála ar fáil le haghaidh bóithre áitiúla agus carrchlós chomh maith le suiteálacha pábhála agus athdhromchlú asfailt/coincréite ar bhóithre áitiúla, ar charrchlóis agus ar chosáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12090 — AEA / BCI / PAVE AMERICA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË